

Forbairtí eacnamaíocha, airgeadais agus airgeadaíochta

Forbhreathnú

Ag a cruinniú ar an 18 Nollaig 2025, chinn an Chomhairle Rialaithe gan aon athrú a dhéanamh ar na trí eochair-ráta úis de chuid BCE. Ina measúnú nuashonraithe, deimhníodh an athuair gur cheart go gcoibhsóidh an boilsciú ag an sprioc, arb ionann í agus 2% sa mheántéarma.

De réir réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha mhí na Nollag 2025 ó fhoireann an Eurochórais don limistéar euro, meastar go mbeidh boilsciú príomha comhionann ar an meán le 2.1% in 2025, 1.9% in 2026, 1.8% in 2027 agus 2.0% in 2028. Réamh-mheasann an fhoireann go mbeidh boilsciú, gan fuinneamh agus bia san áireamh, comhionann ar an meán le 2.4% 2025, 2.2% in 2026, 1.9% in 2027 agus le 2.0% in 2028. Tá athbhreithniú aníos déanta ar bhoilsciú do 2026, go mór mór toisc go meastar anois go dtiocfaidh laghdú níos moille ar bhoilsciú seirbhísí. Meastar go mbeidh an fás eacnamaíoch níos láidre ná mar a cuireadh in iúl sna réamh-mheastacháin mhaicreacnamaíocha don limistéar euro ó fhoireann BCE i mí Mheán Fómhair 2025, rud atá á spreagadh go mór mór ag an éileamh intíre. Tá athbhreithniú aníos déanta ar an réamh-mheastachán don fhás go 1.4% in 2025, 1.2% in 2026 agus 1.4% in 2027 agus meastar go bhfanfaidh sé ag 1.4% in 2028.

Tá rún daingean ag an gComhairle Rialaithe a chinntiú go gcoibhsóidh boilsciú ar a sprioc de 2% sa mheántéarma. Leanfaidh sí cur chuige atá ag brath ar shonraí agus cur chuige cruinniú ar chruinniú chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Go háirithe, beidh cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíocha agus airgeadais, na ndinimicí maidir le boilsciú foluiteach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

Gníomhaíocht eacnamaíoch

Tá teacht aniar sa gheilleagar. Tháinig méadú 0.3% air sa tríú ráithe de 2025, rud a léiríonn tomhaltas agus infheistíocht níos láidre den chuid is mó. Tháinig méadú ar onnmhairí freisin, agus bhí onnmhairí ceimiceán ag cur go mór leis an méadú sin. Ba í an earnáil seirbhísí an earnáil ba láidre fás, go háirithe san earnáil faisnéise agus cumarsáide, fad a bhí an leibhéal gníomhaíochta san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil foirgníochta gan athrú. Meastar go leanfaidh an patrún fáis sin, atá bunaithe ar sheirbhísí, ar aghaidh sa ghearrthéarma.

Tá an geilleagar ag baint tairbhe as margadh saothair láidir. Tá an dífhostaíocht, a bhí ag 6.4% i mí Dheireadh Fómhair 2025, gar don leibhéal is ísle dá raibh ann

riamh, agus tháinig méadú 0.2% ar an bhfostaíocht sa tríú ráithe. An tráth céanna, tháinig laghdú breise ar an éileamh ar shaothar, agus bhí an ráta postfholúntas ar an leibhéal ab ísle ó phaindéim COVID-19 i leith.

Meastar gur ón éileamh intíre a thiocfaidh an príomhspreagadh don fhás sa limistéar euro, rud a bheidh á neartú leis an méadú ar fhíorphánna agus ar fhostaíocht, i gcomhthéacs margaí athléimneacha saothair i dteannta rátaí dífhostaíochta atá níos ísle ná riamh. Chomh maith leis sin, meastar go dtacófar leis an ngeilleagar intíre leis an gcaiteachas rialtais breise ar bhonneagar agus ar chosaint a fógraíodh in 2025, go háirithe sa Ghearmáin, i dteannta dálaí maoiniúcháin arna n-eascairt as giorruithe ar an ráta beartais airgeadaíochta ó mhí an Mheithimh 2024 i leith. Ar an taobh seachtrach, meastar go dtiocfaidh feabhas ar onnmhairí in 2026, cé go bhfuil dúshlán ann i gcónaí ó thaobh iomaíochais de, lena n-áirítear roinnt cinn atá struchtúrach. Tá an feabhas inchurtha d'athbhorradh faoin éileamh seachtrach i bhfianaise éiginnteacht mhaolaitheach beartais trádála, d'ainneoinn an tionchair atá le feiceáil de réir a chéile ó tharaifí níos airde. Meastar go mbeidh an meánfhás bliantúil ar fhíor-OTI comhionann le 1.4% in 2025, 1.2% in 2026 agus 1.4% in 2028. I gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó mhí Mheán Fómhair, tá athbhreithniú aníos déanta ar fhás OTI thar thréimhse iomlán an réamh-mheastacháin, rud a léiríonn sonraí níos fearr ná mar a measadh, éiginnteacht laghdaithe maidir le beartais trádála, éileamh eachtrach níos láidre agus praghsanna tráchtearraí fuinnimh níos ísle.

Meabhraíonn an Chomhairle Rialaithe go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar an limistéar euro agus geilleagar an limistéir euro a neartú go práinneach sa chomhthéacs geopholaitiúil atá ann faoi láthair. Is díol sásaimh di gur iarr an Coimisiún Eorpach ar rialtais tús áite a thabhairt d'airgeadas poiblí inbhuanaithe, d'infheistíocht straitéiseach agus d'athchóirithe struchtúracha lena gcothaítear fás. Tá sé ríthábhachtach leas iomlán a bhaint as acmhainneacht uile an Mhargaidh Aonair. Tá sé riachtanach freisin comhtháthú an mhargaidh caipitil a chothú tuilleadh trí bhíthin an t-aontas coigiltis agus infheistíochtaí agus an t-aontas baincíreachta a thabhairt chun críche, de réir amchlár soiléir uailmhianach, agus go nglacfar go pras leis an Rialachán maidir leis an euro digiteach a bhunú.

Boilsciú

Is beag athrú atá tagtha ar an mboilsciú bliantúil sa limistéar euro, arna thomhas leis an Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (TCPT), ó bhí an t-earrach ann agus d'fhan sé ag 2.1% i mí na Samhna. Bhí praghsanna fuinnimh 0.5% níos ísle ná mar a bhí i mí na Samhna na bliana roimhe sin, tar éis laghdú níos mó i mí Dheireadh Fómhair 2025. B'ionann boilsciú ar phraghas bia agus 2.4%, anuas ó 2.5% i mí Dheireadh Fómhair agus 3.0% i mí Mheán Fómhair. Bhí an boilsciú, gan fuinneamh agus bia san áireamh, seasta ag 2.4%, agus boilsciú earraí agus boilsciú seirbhísí ag gluaiseacht i dtreonna contrártha. Tháinig laghdú ar an mboilsciú earraí go 0.5% i mí na Samhna, anuas ó 0.6% i mí Dheireadh Fómhair agus 0.8% i mí Mheán Fómhair. Tháinig méadú ar an mboilsciú seirbhísí go 3.4% i

mí Dheireadh Fómhair agus 3.5% i mí na Samhna, aníos ó 3.2% i mí Mheán Fómhair.

Is beag athrú atá tagtha ar tháscairí an bhoilscithe fholuitigh le roinnt míonna anuas agus tá siad fós comhsheasmhach le sprioc mheántéarmach na Comhairle Rialaithe, arb ionann í agus 2%. Cé nár tháinig aon athrú ar an bhfás ar bhrabúis aonaid sa tréimh ráithe de 2025, d'fhás costais aonad saothair ag ráta beagán níos airde ná mar a d'fhás sa dara ráithe. Tháinig ardú ar an gcúiteamh in aghaidh an fhostaí de réir ráta bliantúil 4.0%. Bhí sé sin ní b'airde ná mar a tuaradh sna réamh-mheastacháin ón bhfoireann i mí Mheán Fómhair 2025, rud atá inchurtha d'íocaíochtaí sa bhreis ar an bpá idirbheartaithe. Tugtar le fios le táscairí réamhbhreathnaitheacha, amhail rianaire pá BCE agus torthaí suirbhéanna ar ionchais phá, go dtiocfaidh maolú ar an bhfás pá sna ráithí atá le teacht, agus go gcobhsóidh sé beagán ansin faoi bhun 3% i dtreo dheireadh 2026.

De réir fhormhór na slat tomhais maidir le hionchais bhoilscithe, is ráta 2% nó mar sin a bheidh ann san fhadtéarma, rud atá ag teacht le cobhsú an bhoilscithe thart ar sprioc na Comhairle Rialaithe. Meastar go laghdóidh boilsciú ó 2.1% in 2025 go 1.9% in 2026 agus ansin go 1.8% in 2027, sula n-ardóidh sé arís in 2028 go sprioc mheántéarmach na Comhairle Rialaithe, eadhon 2%. Leis an laghdú atá tuartha ag tús 2026 ar bhoilsciú príomha, léirítear éifeacht bhunúsach anuas arna heascairt as praghsanna fuinnimh, fad a leanfaidh boilsciú ar chomhpháirteanna neamhfuinnimh de bheith ag maolú le linn 2026. Meastar go leanfaidh an méid a chuireann boilsciú fuinnimh leis an mboilsciú príomha de bheith maolaithe go dtí deireadh 2027, sula dtiocfaidh méadú suntasach air in 2028, méadú a bheidh á spreagadh as cur chun feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí 2 AE (ETS2), le hiarmhairt 0.2 pointe céatadán aníos ar bhoilsciú príomha. Meastar go laghdóidh TCPT, gan fuinneamh san áireamh, ó 2.5% in 2025 go 2.2% in 2026 agus go 2.0% in 2027 agus 2028. Meastar go laghdóidh boilsciú bia go suntasach de réir mar a mhaolóidh éifeachtaí na méaduithe roimhe seo ar phraghsanna domhanda tráchtearraí bia agus éifeachtaí na drochaimsire le linn an tsamhraidh, agus meastar go gcobhsóidh sé ag ráta a bheidh beagán os cionn 2% go déanach in 2026. Tuartar go laghdóidh boilsciú TCPT, gan fuinneamh agus bia san áireamh, ó 2.4% in 2025 go 2.0% in 2028, de réir mar a laghdóidh boilsciú seirbhísí i bhfianaise brúnna maolaitheacha costais saothair, agus de réir mar a bheidh luachmheadú an euro roimhe seo á chur ar aghaidh chuig an slabhra praghsála, rud a chuirfidh srian le boilsciú earraí. Ba cheart go leanfaidh fás pá de bheith ag maolú le linn 2026, sula gcobhsóidh sé thart ar 3%, agus margadh saothair athléimneach agus fás táirgiúlachta beagán faoi bhun 1% mar bhonn taca aige. Meastar go maolóidh an fás ar chostas aonad saothair, ach meastar go mbeidh an iarmhairt ar bhoilsciú á fritháireamh go páirteach ag téarnamh céimseach ar chorr-laigh bhrabúis thar thréimhse na réamhaisnéise.

I gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó mhí Mheán Fómhair 2025, tá athbhreithniú 0.2 pointe céatadán aníos déanta ar an ionchas do bhoilsciú príomha TCPT do 2026, rud a léiríonn sonraí neamhthuartha le déanaí maidir le boilsciú TCPT agus fás pá, agus bhí an dara ceann díobh sin ina chúis le hathbhreithniú suntasach aníos ar an ionchas pá. Tá athbhreithniú beagán anuas déanta ar an ionchas do bhoilsciú TCPT do 2027. Tá sé seo amhlaidh toisc go nglactar leis go

mbeidh rannchuidiú níos ísle ag teacht ó bhoilsciú fuinnimh, ó tharla go meastar anois go ndéanfar cur chun feidhme ETS2 a chur siar ó 2027 go 2028. Ar a shon sin, meastar go mbeidh an rannchuidiú seo á fhritháireamh go páirteach le boilsciú seirbhísí níos láidre.

Measúnú riosca

Cé go bhfuil maolú tagtha ar na teannais trádala, d'fhéadfadh an timpeallacht idirnáisiúnta, atá luaineach i gcónaí, cur isteach ar shlabhraí soláthair, onnmhairí a lagú, agus tionchar a imirt ar thomhaltas agus ar infheistíocht. D'fhéadfadh dálaí maoiniúcháin níos doichte, col riosca níos mó agus fás níos laige a bheith ann mar thoradh ar mheathlú ar mheon an mhargaidh airgeadais dhomhanda. Is údar mór éiginnteachta i gcónaí iad na teannais gheopholaitiúla, amhail cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Os a choinne sin, d'fhéadfadh caiteachas beartaithe ar chosaint agus ar bhonneagar, mar aon le hathchóirithe feabhsúcháin táirgiúlachta, borradh níos mó a chur faoin bhfás thar mar a bhí á thuar. D'fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh ar neartú muiníne go gcuirfí borradh faoin gcaiteachas príobháideach.

Go fóill féin, tá an t-ionchas maidir leis an mboilsciú níos éiginnte ná mar is gnách, toisc go bhfuil an timpeallacht idirnáisiúnta fós luaineach. D'fhéadfadh go mbeadh boilsciú níos ísle ann dá mbeadh éileamh níos ísle ar onnmhairí an limistéir euro mar thoradh ar tharaifí níos airde sna Stáit Aontaithe agus má spreagtar tíortha a bhfuil ró-acmhainneacht acu a n-onnmhairí chuig an limistéir euro a mhéadú. Anuas air sin, d'fhéadfadh laghdú níos mó ná mar a bhí tuartha teacht ar an mboilsciú de bharr euro níos láidre. D'fhéadfadh méadú ar luaineacht agus ar chol riosca sna margáí airgeadais cur isteach ar an éileamh agus, ar an gcaoi sin, boilsciú a laghdú freisin. Os a choinne sin, d'fhéadfadh go mbeadh boilsciú níos airde ann más rud é, de thoradh slabhraí soláthair domhanda níos ilroinnte, go dtiocfadh ardú ar phraghsanna allmhairí, go gcuirfí srian ar an soláthar amhábhhar criticiúil agus go ngéarófaí ar na srianta acmhainneachta i ngeilleagar an limistéir euro. D'fhéadfadh go moilleodh an laghdú ar bhoilsciú seirbhísí de bharr laghdú níos moille ar bhrúnna pá. D'fhéadfadh go mbeadh méadú ar bhoilsciú sa mheántearma freisin le borradh faoi chaiteachas ar chosaint agus ar bhonneagar. D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú níos mó ná mar a bhíodhas ag dréim leis ar phraghsanna bia de dheasca na hadhaimsire agus na ngéarchéimeanna aeráide agus dúlra atá ag teacht chun cinn i gcoitinne.

Dálaí airgeadais agus airgeadaíochta

Tá méadú tagtha ar rátaí úis margáí ó thráth chruinniú na Comhairle Rialaithe is déanaí ar an 30 Deireadh Fómhair 2025. Tá rátaí iasachtaithe na mbanc do ghnólachtaí cobhsaí den chuid is mó ó bhí an samhradh ann, tar éis dóibh titim mar fhreagairt ar na ciorruithe a rinneadh ar an ráta beartais le linn na tréimhse bliana roimhe sin. I mí Dheireadh Fómhair, b'ionann iad agus ráta 3.5%, gan athrú ó mhí Mheán Fómhair. Ba é 3.4% an costas a bhain le fiachas margadhbhunaithe a

eisiúint, gar dá leibhéal i mí Mheán Fómhair freisin. Bhí an meánráta úis ar mhorgáistí nua seasta arís, ag 3.3% i mí Dheireadh Fómhair.

Tháinig méadú 2.9% ar bhonn bliantúil ar iasachtú na mbanc do ghnólachtaí i mí Dheireadh Fómhair, gan athrú ó mhí Mheán Fómhair. Tháinig méadú 3.2% ar eisiúint bannaí corparáideacha, mórán gan athrú freisin. Tháinig neartú ar iasachtú morgáiste, ag méadú faoi 2.8%, aníos ó 2.6% i mí Mheán Fómhair.

I gcomhréir le straitéis beartais airgeadaíochta BCE, rinne an Chomhairle Rialaithe measúnú críochnúil ar na naisc idir beartas airgeadaíochta agus cobhsaíocht airgeadais. Tá bainc an limistéir euro athléimneach – agus cóimheasa láidre caipitil agus leachtachta, cáilíocht láidir sócmhainní agus brabúsacht láidir ina gcrann taca acu. Ar a shon sin, is rioscaí don chobhsaíocht airgeadais sa limistéar euro iad an éiginnteacht gheopholaitiúil agus an baol go ndéanfaí athphraghsáil thobann sna margaí airgeadais domhanda. Fós, is é an beartas macrastuamachta an phríomhchosaint atá againn in aghaidh charnadh leochaileachtaí airgeadais, sa mhéid go bhfeabhsaíonn sé athléimneacht agus go gcaomhnaíonn sé an spás macrastuamachta.

Cinntí beartais airgeadaíochta

Bhí na rátaí úis ar an tsaoráid taisce, ar na príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus ar an tsaoráid iasachta imeallach gan athrú ag 2.00%, 2.15% agus 2.40% faoi seach.

Tá punann an chláir ceannaithe sócmhainní agus an chláir ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paidéime ag laghdú ag ráta tomhaiste intuatha, toisc nach ndéanann an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime ar fad ó urrúis atá ag teacht in aibíocht a athinfheistiú a thuilleadh.

Conclúid

Ag a cruinniú ar an 18 Nollaig 2025, chinn an Chomhairle Rialaithe gan aon athrú a dhéanamh ar na trí eochair-ráta úis de chuid BCE. Tá rún daingean aici a chinntiú go gcobhsóidh boilsciú ar a sprioc de 2% sa mheántearma. Leanfaidh sí cur chuige atá ag brath ar shonraí agus cur chuige cruinniú ar chruinniú chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Beidh cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíochta agus airgeadais, na ndinimicí maidir le boilsciú foluiteach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

I gcás ar bith, tá an Chomhairle Rialaithe réidh lena hionstraimí uile a choigeartú laistigh dá sainordú chun a chinntiú go gcobhsóidh boilsciú ar a sprioc mheántearmach ar bhonn inmharthana agus chun tarchur rianúil beartais airgeadaíochta a chosaint.

